

ELeathanach290

Dé Luain 9 Aibreán 2018

Lá maith ag Cill Chainnigh i bPáirc Nowlan!

Bhí na cluichí ceannais camógaíochta agus iomána ar siúl Dé Domhnaigh i bPáirc Nowlan. Bhí Cill Chainnigh agus Corcaigh ag imirt sa chluiche. Bhuaigh Cill Chainnigh an cluiche, ach ní raibh ach pointe amháin eatarthu ag deireadh an chluiche: Corcaigh 1-11; Cill Chainnigh 0-15.

Bhí Cill Chainnigh chun tosaigh i rith an chluiche áfach. Seo an ceathrú huair gur bhuaigh siad cluiche ceannais na sraithe le cúig bliana anuas.

San iomáint bhí Cill Chainnigh agus Tiobraid Árann ag imirt. Ag leatham bhí Tiobraid Árann dhá phointe chun tosaigh. Nuair a thosaigh an dara leath fuair Walter Walsh cúl do Chill Chainnigh taobh istigh de 30 soicind.

Ina dhiaidh sin, níor éirigh le Tiobraid Árann dul chun tosaigh arís sa chluiche. Fuair Conor Fogarty cúl eile do Chill Chainnigh san ochtú nóiméad is seasca. Chríochnaigh an cluiche leis an scór: Cill Chainnigh 2-23; Tiobraid Árann 2-17.



An aimsir in Éirinn: tuairisc nua ag insint dúinn g

Tá tuairisc nua foilsithe faoin aimsir in Éirinn agus tugann sí eolas dúinn ar an aimsir anseo le 300 bliain anuas. Tá eolas ann faoin mbáisteach ó 1711 go 2016 agus is cosúil go bhfuil níos mó báistí ag titim sa tír le deich mbliana anuas ná mar a bhí roimhe sin.

Bhí méadar báistí ag Thomas Neve i nDoire in 1711. Bhailigh sé féin agus daoine eile eolas faoin aimsir agus tá sé in úsáid sa tuairisc nua.

Tháinig siad ar an eolas in oifigí *Met Éireann* trí thimpiste, ach tugann sé stair na haimsire dúinn.

De bharr na drochaimsire i mbliana tá míle tonna féir ag teacht as Sasana d'fheirmeoirí ar fud na tíre toisc nach bhfuil go leor bia acu do na hainmhithe.



Comórtas gailf: Craobh na Máistrí in Augusta

Is imreoir gailf é Rory Mc Ilroy ó Chontae an Dúin. Mar imreoir óg bhí sé iontach maith ag imirt agus bhuaigh sé trí chomórtas mhóra sula raibh sé 25 bliain d'aois.

Ag an deireadh seachtaine bhí sé ag imirt i gCraobh na Máistrí in Augusta. Thosaigh sé an lá deireanach sa dara háit, 3 phointe taobh thiar de Patrick Reed.

Ar an drochuair ní raibh an t-ádh le Rory sa bhabhta gailf. Bhuaigh Patrick Reed Craobh na Máistrí agus tháinig Rickie Fowler sa dara háit.

